# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2012
# Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
# Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: tá Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

**Cuid A**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

**An chéad chainteoir**

Goidé mar atá sibh, a chairde? Treasa Ní Ruairc ag caint libh. Is as Contae Liatroime mé. Tá mé san ospidéal mar bhí timpiste bheag agam. Chuir mé mo ghlúin as alt nuair a bhí mé ag imirt peile don scoil. Tá díomá orm mar ní bheidh mé in ann peil a imirt go ceann míosa ar a laghad.

**An dara cainteoir**

Dia dhaoibh. Is mise Traolach Ó Súilleabháin. Rugadh mé i gCorcaigh, ach tá cónaí orm anois i mBaile Átha Cliath. Is tiománaí tacsaí í mo mháthair agus tá m'athair ag obair i Londain. Beidh mé ag dul go dtí Cluichí Oilimpeacha 2012 an samhradh seo mar cheannaigh m'athair ticéad dom. Is maith liom ceol agus 'sí Adele an t-amhránaí is fearr liom.

**Cuid B**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

**Fógra**

Seo í réamhaisnéis na haimsire. Glanfaidh an bhaisteach atá go forleathan anois i ndeisceart na tíre. Beidh an tráthnóna grianmhar ar fud na tíre. Idir naoi gcéim déag Celsius agus trí chéim is fiche Celsius a bheidh an teocht anocht.

**Píosa nuachta**

A mhúinteoirí agus a dhaltaí, ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh le Stiofán Ó Siochrú. Bhuaigh Stiofán an chéad duais mar Eolaí Óg na Bliana san RDS inné. Is cúis onóra í sin don scoil. Tá gach éinne sa scoil fíor-bhródúil asat, a Stiofáin.

**Cuid C**

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

**Comhrá a haon**

**Róise:** Hello, a Pheadair. An raibh tú ag an gceolchoirm aréir?

**Peadar:** Ó, bhí mé. Chonaic mé tú féin ann.

**Róise:** Bhí an banna ceoil Páistí Lir go maith, a Pheadair.

**Peadar:** Ach ní raibh an banna ceoil Do Re Me chomh maith leo.

**Róise:** Bhí uirlis cheoil as tiúin nuair a bhí Do Re Mi ag seinm.

**SOS**

**Peadar:** An phíob uilinn nó an bosca ceoil?

**Róise:** An bosca ceoil, a Pheadair.

**Peadar:** Ach tá cluas mhaith ag Criostóir.

**Róise:** An córas fuaime, b'fhéidir.

**Peadar:** Bhí an fhuaim go dona.

**Róise:** Tá an tileáil sa halla sin ro-ard, a Pheadair.

**Comhrá a dó**

**Sadhbh:** Dia duit, a Choilm. An bhfuil bomaite agat?

**Colm:** Cinnte, a Shadhbh. Goidé atá ag cur as duit, a thaisce?

**Sadhbh:** Chaill mé fáinne cluaise ag an dioscó aréir.

**Colm:** Nach cuimhin leat? Thug tú dom é ag deireadh na hoíche.

**Sadhbh:** Iontach. Fuair mé an péire mar fhéirín Nollag.

**SOS**

**Colm:** Cé a thug duit iad?

**Sadhbh:** Mo dheirfiúr Sandra.

**Colm:** Ar aon nós, tá an ceann a bhí ag gortú do chluas agam.

**Sadhbh:** An bhfuil tú sa bhaile anois, a Choilm?

**Colm:** Tá mé. Buail trasna chugam anois, a Shadhbh.

**Sadhbh:** Feicfidh mé tú i gceann leath uaire

**Sin deireadh na trialach. Slán agaibh.**